Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**15942/22**

**CDR 154**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na Cipire, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litir dar dáta an 20 Deireadh Fómhair 2022, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Panayiotis VASILIOU, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, a cheapadh[1].

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 13919/22.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Panayiotis VASILIOU, mhol Rialtas na Cipire[2] Christodoulos PAPACHRISTOU, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Πρόεδρος Κοινοτικού Συμβουλίου, Κοινότητα Ψεματισμένου, Επαρχία Λάρνακας* (Uachtarán na Comhairle Chomhphobail, Pobal Psematismenos, Ceantar Larnaca), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 15943/22 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[2] 15660/22.